Foirm Chíosa 1 - Éileamh ar Fhaoiseamh Cíosa i gcás Cóiríochta Príobháidí ar Cíos

Tábhachtach: Léigh an nótaí ar an taobh thall, le do thoil, sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo
Ba chóir foirmeacha faoi leith a chomhlánú i gcás gach réadmhaoin a bhí ar cíos agat

Sonraí an Iarratasóra

Céad ainm:

Sloinne:

Uimhir PSP:

Dáta Breithe: L L M M B B B B

Seoladh: **(Úsáidfidh na Coimisinéirí Ioncaim an seoladh mar sheoladh comhfheagrais)**

Uimhir Fóin:

Stádas Pearsanta: (Roghnaigh ceann amháin acu seo a leanas)

- ☐ **Singil**
- ☐ **I bPósadh nó i bPáirtnéireacht Shibhialta**
- ☐ **Baintreach nó Páirtnéir Sibhialta Marthanachner**
- ☐ **I bPósadh nó i bPáirtnéireacht Shibhialta (ach i do chónaí ar leithligh)**
- ☐ **Colscartha nó i bPáirtnéireacht Shibhialta scaoilte**

Sonraí faoi Réadmhaoin ar Cíos

Seoladh na Réadmhaoine ar Cíos: (murab ionann é agus an seoladh thuas)

An bhfuil gaol agat leis an té ar leis nó léi an réadmhaoin? (cuir tic sa bhosca le do thoil) ☐ **Tá** ☐ **Níl**

Dáta ar thosaigh an tionóntacht: L L M M B B B B

Dáta ar chríochnaigh an tionóntacht: (má cuireadh críoch léi) L L M M B B B B

Méid na Cíosa Iníoctha duit gach Mí: **€** , .

Sonraí an Tiarna Talún

Léigh na nótaí faoi shonraí an Tiarna Talún ar an taobh thall, le do thoil.

Cé lena n-íocann tú an cíos? (cuir tic sa bhosca le do thoil) ☐ **Tiarna Talún** ☐ **Gníomhaire**

An bhfuil an Tiarna Talún ina c(h)ónaí lasmuigh den Stát? (Cuir tic sa bhosca le do thoil) ☐ **Tá** ☐ **Níl** ☐ **Ní fios**

Ainm an Tiarna Talún nó Ghníomhaire:

PSP nó Uimhir Chláraithe Chánach an Tiarna Talún nó an Ghnólachta (féach ar an taobh thall):

Seoladh an Tiarna Talún nó Ghnólachta:

Féach Thall don Dearbhú. NÍ MÓR DUIT an Dearbhú a shiniú.

Sonraí Bainc

Tabhair sonraí do chuntais bhainc le do thoil chun cur ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim d'aisíocaíocht a aistriú isteach i do chuntas bainc Éireannach. (Ní féidir aisíocaíocht a dhéanamh díreacht isteach i gcuntas bainc thar lear).

Cód Sórtála: 9 - - **Uimhir Chuntais:**

Nóta: Cuirfear aon aisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim ina dhiaidh sin sa chuntas bainc seo go dtí go gcuirfear a mhalairt in iúl.

Dearbhú a CHAITHFEAR a shíniú

Dearbhaím go bhfuil na sonraí go léir san fhoirm seo cruinn ar feadh m'eolais agus mo thuairime.

Síniú: **Dáta:** L L M M B B B B

Ríomhphost: **Uimhir Theileafóin:**

Faoiseamh Cánach ar Lóistín Príobháideach ar Cíos

Cé atá in ann Éileamh a Dhéanamh

Duine aonair atá ag íoc as cóiríocht phríobháideach ar cíos atá in úsáid aige nó aici mar phríomháit, nó mar an t-aon áit, chónaithe. Áirítear leis seo an cíos a íoctar ar árasáin nó ar thithe. Ní áirítear leis cíos a íoctar le hÚdaráis Áitiúla nó le Gníomhaireachtaí Stáit nó a íoctar mar chuid de chomhaontú léasa 50 bliain nó níos mó.

Teorainneacha ábhartha

Blianta Cánacha 2007 go dtí 2010

Tá an méid faoisimh a thugtar leagtha síos sa tábla thíos.

An Bhliain Chánach	Duine aonair faoi bun 55 bliana	Duine aonair os a chionn 55 bliana	Baintreach nó Páirtnéir Sibhialta Marthanachner nó i bPósta nó i bPáirnéireacht Sibhialta faoi bun 55 bliaina	Baintreach nó Páirtnéir Sibhialta Marthanachner nó i bPósta nó i bPáirnéireacht Sibhialta os a chionn 55 bliaina
2007	1,800	3,600	3,600	7,200
2008	2,000	4,000	4,000	8,000
2009	2,000	4,000	4,000	8,000
2010	2,000	4,000	4,000	8,000

Blianta cánacha 2011 go dtí 2017, agus an dá bhliain sin san áireamh.

Aistarraingeofar creidmheas ar chíos íoctha ar bhunús céimithe sna 7 mbliana seo romhainn. Chun an t-uasmhéid creidmheasa a bheidh dlite a fheiceáil, féach an Bhileog um Cháin Ioncaim IT1 do gach bliain chánach ábhartha amach anseo atá le fáil ar **www.revenue.ie**.

Nóta

Baineann an creidmheas do na blianta 2011 ar aghaidh le daoine aonair a bhí ag íoc cíosa ar réadmhaoin an 7 Nollaig 2010. Níl aon chreidmheas dlite do dhaoine a thosaigh ag íoc cíosa tar éis an 7 Nollaig 2010.

Srian ama ceithre bliana

Ní mór éileamh ar fhaoiseamh ó cháin a dhéanamh laistigh de 4 bhliain ó dheireadh na bliana cánach lena mbaineann an t-éileamh

Áitribh lasmuigh den Stát

Is féidir faoiseamh a fháil freisin ar chíos iníoctha i gcomhair áitribh lasmuigh den Stát.

Admháil ón Tiarna Talún

Ba chóir duit admháil a iarradh ó do thiarna talún mar d'fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncam a iarradh ort é sin a sholáthar mar fhíorú ar d'éileamh. Ba chóir an admháil seo a choinneáil ar feadh tréimhse sé bliana.

Uimhir PSP nó Chláraithe Chánach an Tiarna Talún nó Ghnólachta

Má tá an uimhir seo ar eolas agat chuir isteach san mbosca ar an taobh thall.Muna bhfuil sé eolas agat, fág folamh é le do thoil.

Faoiseamh Ús Morgáiste

Más rud é go dtarlaíonn sé uair ar bith go mbíonn morgáiste agat, agus má tá Faoiseamh Cánach ag an bhFoinse á fháil agat, ba chóir duit é sin a chur in iúl láithreach d'Oifig áitiúil na gCoimisinéirí

Ioncaim mar go mb'fhéidir nach mbeidh tú i dteideal Faoiseamh Cíosa a fháil a thuilleadh agus go mb'fhéidir go gcaithfear do Theastas Creidmheas Cánach a athrú.

Srian le Faoiseamh Seomra ar Cíos

Má tá Faoiseamh Cíosa á éileamh maidir leis an cíos atá á íoc ag leanbh lena t(h)uismitheoir, ní bheidh an tuismitheoir i dteideal díolúine Sheomra-ar-Cíos a fháil agus beidh air nó uirthi a insint do na Coimisinéirí Ioncaim faoin ioncam cíosa sin.

Cíosanna iníoctha le Tiarnaí Talún ina gcónaí lasmuigh den Stát

Má tá do thiarna talún ina c(h)ónaí lasmuigh den stát agus má íocann tú an cíos go díreach leis nó léi nó isteach ina c(h)untas bainc sa Stát seo nó thar lear, caithfidh tú cáin ar an ráta cánach caighdeánach (20% faoi láthair) a asbhaint as an ollchíos iníoctha. Ba chóir foirm R185 a chomhlánú agus a thabhairt don tiarna talún. Is féidir an foirm seo a fháil ó aon oifig Áitiúil de chuid na gCoimisinéirí, nó ó sheirbhís Foirmeacha agus Bileog ar Íosghlao 1890 306 706 (i bPoblacht na Éireann amháin) nó ar **www.revenue.ie**

Sampla

Ollchíos in aghaidh na míosa	€1,000
Asbhain cáin ar an ráta caighdeánach (€1,000 x 20%)	€200
Íoc leis an Tiarna Talún (€1,000 - €200)	€800
Íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim	€200

Má tá cáin á íoc agat faoin gcóras ÍMAT is féidir socrú a dhéanamh, ach é a iarradh, go ndéanfar coigeartú ar do chreidmheasanna cánach agus ar bhanda an ráta caighdeánaigh chun an méid dlite a bhailiú. Sa chaoi seo déanfar an cháin a leathnú amach go cothrom ó cheann ceann na bliana. Ba chóir duit dul i dteagmháil le hoifig áitiúil na gCoimisinéirí Ioncaim i do cheantar chun é seo a shocrú.

Má theipeann ort cáin a bhaint d'fhéadfadh sé go mbeadh dliteanas ort as an gcáin ar chóir a bheith bainte.

Inrochtaineacht - Más duine le míchumas tú agus go dteastaíonn an bhileog seo uait I bhformáid eile, is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Rochtanna na gCoimisinéirí Ioncaim ag **accessofficer@revenue.ie**

Is féidir Creidmheas Cánach a éileamh freisin trí logáil isteach ar ÍMAT Aon tráth, Aon lá ag www.revenue.ie

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs